**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0197/2022**

28.6.2022

***

# MOLADH

maidir leis an dréacht-chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook
(12640/2021 – C9-0006/2022 – 2021/0312(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Cláudia Monteiro de Aguiar

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................6

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT .................................................................................8

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID ......................................................................................12

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ........................................................................16

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........17

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an dréacht-chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook**
**(12640/2021 – C9-0006/2022 – 2021/0312(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12640/2021),

– ag féachaint don dréachtphrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (12633/2021),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0006/2022),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0197/2022),

1. ag tabhairt a toilithe an prótacal a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán seasamh Pharlaimint na hEorpa a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtas agus parlaimint Oileáin Cook.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Bhí an chéad phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) idir AE agus Oileáin Cook i bhfeidhm ar feadh 4 bliana, idir an 14 Deireadh Fómhair 2016 agus an 13 Deireadh Fómhair 2020. An 7 Iúil 2020, d’fhormheas an Chomhairle sainordú an Choimisiúin prótacal nua maidir le cur chun feidhme SFPA a chaibidliú le Rialtas Oileáin Cook. Mar gheall ar chastacht na caibidlíochta, bhí gá le síneadh bliana a chur leis an bprótacal a bhí ann cheana – ón 14 Samhain 2020 go dtí an 13 Samhain 2021. An 28 Iúil 2021, síníodh prótacal nua 3 bliana-, lenar tugadh rochtain do cheithre bhád saighneoireachta de chuid AE ar uiscí Oileáin Cook chun tuinníní a iascach ar feadh 100 lá in aghaidh na bliana, agus an rogha ann, arna iarraidh sin, 110 lá breise a chur leis sin.

Is ionann ranníocaíocht airgeadais AE agus EUR 700 000 in aghaidh na bliana, is é sin EUR 2 100 000 san iomlán do na 3 bliana, roinnte mar seo a leanas:

(1) EUR 350 000 in aghaidh na bliana do rochtain ar acmhainní iascaigh ar feadh thréimhse an phrótacail;

(2) EUR 350 000 in aghaidh na bliana chun tacú le forbairt an bheartais earnála iascaigh in Oileáin Cook. Comhaontóidh an dá pháirtí bearta tacaíochta faoi chuimsiú an chomhchoiste a bhunófar chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme SFPA.

Leis an bprótacal, cuirtear béim ar leith ar fhorbairt inbhuanaithe na hearnála iascaigh áitiúla, i gcomhréir le comhbheartas iascaigh AE agus leis na moltaí ón gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) agus an chomhairle eolaíoch is fearr mar bhunús leis, ach cuirtear béim freisin ar phrionsabail dhaonlathacha agus cearta bunúsacha. Ní mór na prionsabail sin a bheith mar bhonn i gcónaí faoi thabhairt i gcrích comhaontuithe comhpháirtíochta idir AE agus tríú tíortha. Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán níos éifeachtaí ar chur chun feidhme an phrótacail, agus, ag an am céanna, d’fhonn dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus eolas a mhéadú faoi staid na n-éiceachóras muirí áitiúil, leagann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá sásraí chun gabhálacha a sheiceáil agus a thuairisciú.

Tá impleachtaí teoranta ag an bprótacal, ach tá an Rapóirtéir den tuairim go dtugtar breisluach straitéiseach do AE leis, go háirithe toisc gurb é an t-aon chomhaontú gníomhach san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir é, in uiscí ina bhfuil roinnt de na stoic tuinníní is sláintiúla ar domhan. Ag an am céanna, ós rud é gur príomhacmhainn is ea an tuinnín do dhaonraí réigiún an Aigéin Chiúin, léiríodh gur uirlis chomhoibritheach thábhachtach é chun iascaigh ar mionscála agus na pobail a bhíonn ag brath orthu a fhorbairt, go háirithe maidir le hioncam iascairí a fheabhsú agus bonneagar a fhorbairt do phróiseáil agus margaíocht éisc.

Ní mór an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go hiomlán agus go rialta faoi chur chun feidhme an phrótacail, go háirithe maidir lena mhéid atá an tacaíocht d’fhorbairt earnála curtha chun feidhme.

Tá an Rapóirtéir den tuairim go soláthraítear leanúnachas rochtana don chabhlach Eorpach ar Oileáin Cook leis an bprótacal, agus ag an am céanna go bhfuil ról aige i bhforbairt na hearnála áitiúla, lena gcuirtear breisluach ar fáil don chuid den daonra atá ag brath ar earnáil an iascaigh – ar earnáil í arb ionann í agus thart ar 3 % d’olltáirgeacht intíre Oileáin Cook – agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhshaol muirí agus ar acmhainní iascaigh. Chomh maith leis sin, cuirtear cleachtais chun cinn leis chun dul i ngleic leis an iascaireacht neamhdhleathach, ar bunphrionsabail iad d’aon chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh le tríú

tíortha. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir go dtabharfadh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an phrótacail is déanaí.

21.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Iascach

maidir leis an dréacht-chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (12640/2021 – C9-0006/2022 – 2021/0312(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Carlos Zorrinho

## RÉASÚNÚ GEARR

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook i mí na Bealtaine 2016 ar feadh tréimhse 8 mbliana a bheidh in-athnuaite go hintuigthe. Chuaigh an chéad phrótacal 4 bliana in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020 agus, mar gheall ar na srianta a forchuireadh de bharr na géarchéime sláintíochta, cuireadh síneadh bliana breise leis go sealadach, go dtí an 13 Samhain 2021. D'fhonn prótacal nua maidir leis an SFPA a ghlacadh, chuaigh an Coimisiún Eorpach i mbun caibidlíochtaí le Rialtas Oileáin Cook.

I ndiaidh na gcaibidlíochtaí sin, cuireadh inisealacha le prótacal nua i mí Iúil 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm go sealadach i mí na Samhna 2021. Leis an bprótacal sin cuimsítear tréimhse 3 bliana agus soláthraítear deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais in uiscí iascaigh Oileáin Cook i gcomhréir le comhairle eolaíoch agus moltaí an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Tá sé d'aidhm aige freisin comhar idir an tAontas agus Oileáin Cook a neartú, agus ar an gcaoi sin creat comhpháirtíochta a chruthú trínar féidir beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus saothrú fónta a dhéanamh ar acmhainní iascaigh i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, chun leasa an dá pháirtí.

Leis an bPrótacal nua idir an tAontas agus Oileáin Cook, ceadaítear do chabhlach an Aontais iascaireacht ar speicis tuinnín a dhéanamh in uiscí Oileáin Cook, le haghaidh suas le 7 000 tonna san iomlán in aghaidh na bliana, agus foráiltear do dheiseanna iascaireachta do cheithre shoitheach peas-saighne suas le 100 lá iascaireachta in aghaidh na bliana, agus an fhéidearthacht ann d'úinéirí long 110 lá breise a cheannach in aghaidh na bliana. Is i gcomhréir leis an anailís ar ghabhálacha ionchasacha i limistéar iascaireachta Oileáin Cook, le measúnuithe a bhí ar fáil agus le comhairle eolaíoch faoi chuimsiú WCPFC a socraíodh iarracht iascaireachta tagartha 100 lá in aghaidh na bliana.

Is é EUR 700 000 sa bhliain ranníocaíocht airgeadais an Aontais arna leithdháileadh ar an bPrótacal. Miondealaítear an t-iomlán sin i méid bliantúil dar luach EUR 350 000 le haghaidh rochtain ar acmhainní iascaigh agus EUR 350 000 eile chun beartas earnála iascaigh agus muirí

Oileáin Cook a fhorbairt, arb ionann an méid sin agus an leithdháileadh céanna ar thacaíocht earnála a bhí sa phrótacal roimhe seo. Le SFPA agus an prótacal a ghabhann leis, leanfar de bheith ag tacú le hacmhainní iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach níos fearr, trí thacaíocht earnála do chláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag Rialtas Oileáin Cook, go háirithe an plean cuimsitheach iascaigh, faireachán ar iascaireacht neamhdhleathach agus an comhrac ina coinne, agus tacaíocht don earnáil iascaireachta ar mionscála. Maidir leis na hidirghabhálacha atá le cistiú faoin gcomhpháirt earnála, déanann an dá pháirtí iad a phlé agus a chomhaontú laistigh den Chomhchoiste, a cuireadh ar bun chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm SFPA agus an phrótacail a ghabhann leis.

Tá an t-iascach ar cheann de na hearnálacha atá ina gcnámh droma do gheilleagar Oileáin Cook agus, i bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19, ba cheart go mbeadh sé ina thosaíocht sna hiarrachtaí téarnaimh, mar aon le deiseanna eacnamaíocha inbhuanaithe nua a scaoileadh lenar féidir éagsúlú agus athléimneacht a chothú. Beidh sé ríthábhachtach tacú le deiseanna don gheilleagar éisc atá ag teacht chun cinn ar bhealaí ina gcothaítear naisc shuntasacha agus éifeachtaí iolraitheora san iliomad réimsí eacnamaíocha agus sóisialta chun téarnamh tapa athléimneach a bhaint amach sa tír. Sampla fónta den éifeacht sin is ea an t-ioncam a fuarthas ón bprótacal a bhí ann roimhe seo, lenar cuireadh ar a chumas do Rialtas Oileáin Cook a chóras leasa shóisialaigh a ardú. Ina theannta sin, bhí tacaíocht earnála an Aontais ina rannchuidiú le beartais iascaigh inbhuanaithe a bheith á gcur chun feidhme, go háirithe chun slí bheatha na n-iascairí mionscála a fheabhsú, agus leis na cumais faireacháin, rialaithe agus faireachais a threisiú sa chomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, agus bhíothas in ann freisin, a bhuí léi, caighdeáin sábháilteachta bia maidir le tomhaltas bia mara áitiúil agus le honnmhairí a fheabhsú.

Tá an Rapóirtéir den tuairim go bhfuil sé d'acmhainn ag an bPrótacal saothrú freagrach agus inbhuanaithe acmhainní iascaigh agus forbairt an bheartais náisiúnta iascaigh agus muirí a chur chun cinn in Oileáin Cook agus gur chun leasa an dá Pháirtí é. Ar an gcúis sin, molann an Rapóirtéir go ndéanfaí an prótacal a fhormheas.

******

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an bPrótacal maidir cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh.

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook |
| **Tagairtí** | 12640/2021 – C9-0006/2022 – 2021/0312(NLE) |
| **An Coiste Freagrach** | PECH |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE<br>17.1.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Carlos Zorrinho<br>24.11.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 20<br>–: 1<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Eric Andrieu, Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Udo Bullmann, Catherine Chabaud, Antoni Comín i Oliveres, Ryszard Czarnecki, Gianna Gancia, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Michèle Rivasi, Christian Sagartz, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Chrysoula Zacharopoulou |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosa Estaràs Ferragut, Carlos Zorrinho |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 20 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Beata Kempa |
| ID | Gianna Gancia |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Rosa Estaràs Ferragut, Rasa Juknevičienė, Janina Ochojska, Christian Sagartz, Tomas Tobé |
| Renew | Barry Andrews, Catherine Chabaud, Charles Goerens, Chrysoula Zacharopoulou |
| S&D | Eric Andrieu, Udo Bullmann, Mónica Silvana González, Pierfrancesco Majorino, Carlos Zorrinho |
| Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí | Pierrette Herzberger-Fofana |

| 1 | - |
|---|---|
| An Chlé | Miguel Urbán Crespo |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí | Erik Marquardt, Michèle Rivasi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

26.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID

chuig an gCoiste um Iascach

Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail (2021-2024), thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook
(12640/2021 – C9-0006/2022 – 2021/0312(NLE)

Rapóirtéir don tuairim: Niclas HERBST

## RÉASÚNÚ GEARR

An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (dá ngairtear 'an Comhaontú Comhpháirtíochta' anseo feasta) idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, síníodh é an 3 Bealtaine 2016 agus an 14 Bealtaine 2016 faoi seach, agus tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 14 Bealtaine 2016 ar feadh tréimhse ocht mbliana. Is féidir é a athnuachan go hintuigthe agus tá sé fós i bhfeidhm. An chéad Phrótacal 4 bliana maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 14 Deireadh Fómhair 2016 agus chuaigh sé in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020. Tháinig an Comhaontú agus an Prótacal araon i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2017.

Cuireadh bliain amháin leis an bPrótacal reatha[1] lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta trí chomhaontú i bhfoirm malartú litreacha a síníodh an 14 Samhain 2020. Dá réir sin, chuaigh an Prótacal reatha in éag an 13 Samhain 2021.

Chuir na hidirbheartaithe inisealacha leis an bPrótacal an 28 Iúil 2021. Leis an bprótacal, cumhdaítear tréimhse trí bliana ó dháta an iarratais shealadaigh a leagtar síos in Airteagal 11 de, is é sin an dáta a shíníonn an dá pháirtí é.

Tá sé d'aidhm ag an bPrótacal deiseanna iascaireachta a thabhairt do shoithí an Aontais in uiscí iascaigh Oileáin Cook i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch agus le moltaí ón gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Tá sé d'aidhm aige freisin comhar idir an tAontas Eorpach agus Oileáin Cook a neartú, agus ar an gcaoi sin creat comhpháirtíochta a chruthú trínar féidir beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus saothrú fónta a dhéanamh ar acmhainní iascaigh i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, chun leasa an dá pháirtí.

[1] An Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (IO L 131, 20.5.2016, lch. 10).

Leis an bPrótacal nua idir AE agus Oileáin Cook, is féidir le cabhlach an Aontais iascaireacht a dhéanamh in uiscí iascaigh Oileáin Cook le haghaidh speicis tuinníní, agus is mar a leanas a dhéantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta:

– 4 shoitheach peas-saighne tuinníní a bhfuil rochtain acu ar limistéir iascaireachta Oileáin Cook ar feadh 100 lá in aghaidh na bliana;

– is féidir 110 lá breise a chur ar fáil do chabhlach an Aontais, arna iarraidh sin.

Is é EUR 700 000 ranníocaíocht airgeadais bhliantúil an Aontais, bunaithe ar an méid a leanas:

a) méid bliantúil a íoctar as rochtain ar acmhainní iascaigh le haghaidh na gcatagóirí dá bhforáiltear sa Phrótacal arna shocrú ag EUR 350 000 ar feadh thréimhse an Phrótacail;

b) tacaíocht d'fhorbairt bheartas earnála iascaigh Oileáin Cook arb é atá inti EUR 350 000 in aghaidh na bliana, ar feadh thréimhse an Phrótacail. Comhlíonann an tacaíocht sin cuspóirí bheartas náisiúnta Oileáin Cook maidir le bainistiú inbhuanaithe a gcuid acmhainní muirí iascaigh ar feadh thréimhse iomlán an Phrótacail.

Déantar an méid bliantúil leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasaí íocaíochta a bhunú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca do phrótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana[2].

******

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh.

[2] I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha (2013/C 373/01).

# NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook |
| **Tagairtí** | 12640/2021 – C9-0006/2022 – 2021/0312(NLE) |
| **An Coiste Freagrach** | PECH |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>17.1.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Niclas Herbst<br>28.10.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 17.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 33<br>–: 1<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Anna Bonfrisco, Olivier Chastel, Lefteris Christoforou, David Cormand, Andor Deli, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valentino Grant, Francisco Guerreiro, Valérie Hayer, Eero Heinäluoma, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Moritz Körner, Joachim Kuhs, Zbigniew Kuźmiuk, Hélène Laporte, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Victor Negrescu, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Dimitrios Papadimoulis, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Johan Van Overtveldt, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Petros Kokkalis, Jan Olbrycht, Petri Sarvamaa |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 33 | + |
|---|---|
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk, Bogdan Rzońca, Johan Van Overtveldt |
| ID | Hélène Laporte |
| NI | Andor Deli |
| PPE | Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Niclas Herbst, Monika Hohlmeier, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Karlo Ressler, Petri Sarvamaa, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Moritz Körner, Nicolae Ştefănuţă, Nils Torvalds |
| S&D | Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Margarida Marques, Victor Negrescu, Nils Ušakovs |
| An Chlé | Petros Kokkalis, Dimitrios Papadimoulis |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Lefteris NikolaouAlavanos |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ID | Anna Bonfrisco, Valentino Grant, Joachim Kuhs |
| Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí | Rasmus Andresen, David Cormand, Alexandra Geese, Francisco Guerreiro |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal** | Tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook | |
| **Tagairtí** | 12640/2021 – C9-0006/2022 – 2021/0312(NLE) | |
| **Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú** | 21.12.2021 | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | PECH<br>17.1.2022 | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE<br>17.1.2022 | BUDG<br>17.1.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Cláudia Monteiro de Aguiar<br>2.2.2022 | |
| **Pléite sa choiste** | 16.3.2022 | 25.4.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 14.6.2022 | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 15<br>0<br>5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pietro Bartolo, Izaskun Bilbao Barandica, Massimo Casanova, Rosanna Conte, Rosa D'Amato, Giuseppe Ferrandino, Søren Gade, Ladislav Ilčić, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, Grace O'Sullivan, Manuel Pizarro, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Annie Schreijer-Pierik, Peter van Dalen, Theodoros Zagorakis | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ivo Hristov, Gabriel Mato, Lucia Vuolo | |
| **Dáta don chur síos** | 28.6.2022 | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 15 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Bert-Jan Ruissen |
| PPE | Peter van Dalen, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon, Annie Schreijer-Pierik, Lucia Vuolo, Theodoros Zagorakis |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade |
| S&D | Pietro Bartolo, Giuseppe Ferrandino, Ivo Hristov, Predrag Fred Matić, Manuel Pizarro |

| - | - |
|---|---|
| | |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | Massimo Casanova, Rosanna Conte |
| Grúpa na nGlasach/na Saor-Chomhghuaillíochta Eorpaí | Rosa D'Amato, Grace O'Sullivan, Caroline Roose |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh